# 5 Cuntasaíocht vótaí agus bainistiú buiséid

**5.1** Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh seirbhísí ranna agus oifigí rialtais

- trí mheastacháin ar fháltais agus ar chaiteachas a cheadú le haghaidh na seirbhísí sin le linn na bliana
- trí fheidhm reachtúil a thabhairt do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil[1]

**5.2** Déantar foráil do chaiteachas faoi 'vótaí', agus cuimsítear feidhmeanna gach roinne nó oifige faoi aon vóta amháin nó níos mó. Sa chéad chuid den mheastachán le haghaidh gach vóta (ar a dtugtar an raon), soláthraítear breac-chuntas ar na seirbhísí atá le maoiniú. Cuimsítear an raon san Acht Leithreasa bliantúil agus, ar an ábhar sin, léirítear ann na críocha ar lena n-aghaidh ar cheadaigh Dáil Éireann na cistí.

**5.3** Ag deireadh gach bliana airgeadais, bíonn ar gach roinn agus oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, le haghaidh gach seirbhíse vótáilte a bhíonn á riar faoina cúram. Tá dualgas reachtúil ann an toradh don bhliain i gcomparáid leis an méid a sholáthair Dáil Éireann a thuairisciú sa chuntas leithreasa.

**5.4** Anuas ar sheirbhísí vótáilte, déanann roinnt ranna rialtais cistí reachtúla a riar. Go hiondúil, déantar iad sin a chistiú ó fhoinsí seachas an Príomhchiste agus, ar an ábhar sin, ní 'vótálann' Dáil Éireann an cistiú sin. Is samplaí iad seo a leanas de chistí dá leithéid agus dá bpríomhfhoinsí ioncaim

- An Ciste Árachais Shóisialaigh (ranníocaíochtaí ÁSPC)
- An Ciste Rialtais Áitiúil (fáltais ó mhótarcháin agus ó cháin mhaoine áitiúil)[2]
- An Ciste Náisiúnta Oiliúna (fáltais ón tobhach ar an gCiste Oiliúna agus deontais ón AE)
- An Ciste Comhshaoil (tobhaigh ar mhálaí plaisteacha agus ar líonadh talún).

**5.5** Agus na meastacháin agus na tuarascálacha ar chaiteachas á gcur i láthair, cuireann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Ciste Árachais Shóisialaigh (€9 billiún i meastacháin 2017) agus an Ciste Náisiúnta Oiliúna (€366 milliún i meastacháin 2017) san áireamh san ollchaiteachas iomlán. Tugann an Roinn le fios gurb amhlaidh atá mar aitheantas ar an gcaiteachas mór arna chistiú ag ranníocaíochtaí ÁSPC, ról na ranna faoi seach i dtaca leis an gcaiteachas arna thabhú ag na cistí sin, agus, i gcás sprioceasnaimh sna cistí sin in aon bhliain airgeadais, féadtar an sprioceasnamh a sheasamh ó airgead arna sholáthar ag Dáil Éireann.

1 Tá tuilleadh sonraí ar an bpróiseas seo le fáil i gCaibidil 3.

2 Le héifeacht ón 1 Eanáir 2018, íocfar na fáltais uile ón mótarcháin go díreach isteach i bPríomhchiste an Státchiste, in ionad an Chiste Rialtais Áitiúil. Íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim na fáltais uile ón gcáin mhaoine áitiúil go díreach isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil, in ionad iad a íoc go hindíreach trí Phríomhchiste an Státchiste.

## Torthaí na n-iniúchtaí ar chuntais leithreasa 2017

5.6 Tá iniúchadh déanta ar chuntais leithreasa 2017 le haghaidh gach vóta. Tá gach cuntas, mar aon leis an tuarascáil ar an iniúchadh a bhaineann léi, á chur faoi bhráid Dháil Éireann leis an tuarascáil seo.


5.7 Tá achoimre in Iarscríbhinn 5A (Fíor 5A.1) ar na méideanna a leithreasaíodh in 2017 le haghaidh seirbhísí poiblí vótáilte. Léirítear toradh don bhliain freisin, mar aon leis an mbarrachas leithreasuithe i gcoinne caiteachais.

5.8 Ba é €49.7 billiún an méid iomlán a leithreasaíodh le haghaidh seirbhísí poiblí in 2017. Bhí san áireamh san fhigiúr sin deontais soláthair de luach €46.8 billiún, cistiú caipitiúil de luach €74.5 milliún a tugadh anonn ó 2016 agus leithreasaí i gcabhair de luach €2.9 billiún.

## Toradh na vótaí

5.9 Tá leagtha amach i bhFíor 5.1 ar an gcaiteachas comhiomlán agus ar na leithreasaí i gcabhair de gach vóta le haghaidh na mblianta 2011 go 2017. Ba é €49.3 billiún an tsuim iomlán (an ollsuim) a chaith ranna agus oifigí in 2017. Tar éis leithreasaí i gcabhair réadaithe de luach €2.9 billiún a asbhaint, ba é €46.4 billiún an glanchaiteachas sa bhliain.

**Fíor 5.1 Toradh caiteachais vótáilte, 2011 go 2017**




Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2011 go 2017, Iarscríbhinn 5A

### *Barrachas*


5.10 Níl cead ag ranna ná oifigí níos mó airgid a chaitheamh ná an méid atá leithreasaithe le haghaidh gach vóta. I gcás inar lú an caiteachas sa bhliain ná an méid a cuireadh ar fáil, dlitear an barrachas a fhorghéilleadh don Státchiste.

5.11 Chloígh gach roinn agus oifig lena leithdháileadh foriomlán vótáilte in 2017 agus taifeadadh barrachas i leith gach vóta.

5.12 Ba é €415 milliún iomlán an bharrachais in 2017 (féach Fíor 5.2). Faomhadh €70 milliún den tsuim sin lena thabhairt anonn go 2018. Bhí iarmhéid €345 milliún le

géilleadh. Léirítear in Iarscríbhinn 5A (Fíor 5A.2) na suimeanna atá le géilleadh nó le tabhairt anonn go 2018 i leith gach vóta.

**Fíor 5.2 Leithreasaí barrachais, 2011 go 2017**





Foinse: Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2011 go 2017, Iarscríbhinn 5A

## Athraitheas buiséid

5.13 Is éard atá sa mheastachán bunaidh a ceadaíodh ná réamhaisnéis ar an méid a bheadh de dhíth chun íoc as costas na seirbhísí a bhí le soláthar faoi gach vóta. Is é atá san athraitheas buiséid ná an difríocht idir an meastachán bunaidh ar an nglanchaiteachas agus an toradh iarbhír sa bhliain.[1] Léirítear i bhFíor 5.3 an t-athraitheas buiséid le haghaidh na vótaí ar fad le chéile, do na blianta 2006 go 2017.

1 Tá foráil reachtúil ann chun leithdháiltí caipitil gan caitheamh a thabhairt anonn go dtí an bhliain ina dhiaidh lena n-úsáid chun na críche céanna, le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa tuarascáil seo, caitear le méideanna a thugtar anonn dá leithéid mar chuid de leithreasaí bliantúla na roinne (don bhliain dár gcionn).

**Fíor 5.3 Athraitheas idir an glanchaiteachas agus an buiséad bunaidh, gach vóta, 2006 go 2017**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Athraitheas buiséid de réir vóta*

**5.14** Is iad na trí vóta ar bhain an glanathraitheas airgeadaíochta ba mhó in 2017 leo ná Sláinte (€193 milliún ní ba mhó ná an meastachán bunaidh), Oideachas agus Scileanna (€99 milliún ní ba mhó ná an meastachán bunaidh) agus an Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil (€96 milliún ní ba mhó ná an meastachán bunaidh).

**5.15** Leagtar amach i bhFíor 5.4, le haghaidh gach vóta, an t-athraitheas comhréireach idir an caiteachas iarbhír agus an bunmheastachán in 2017.

- Bhí 7 vóta ann inar mhó an toradh glanchaiteachais ná an meastachán bunaidh. Is ag Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil a bhí an céatadán róchaithimh ab airde, .i. 5%, i gcomparáid leis an meastachán bunaidh.
- Tabhaíodh glanchaiteachas ní ba lú ná mar a measadh ar dtús i gcás na 35 vóta eile sna meastacháin athbhreithnithe. Is ag an Oifig um Sholáthar Rialtais a bhí an céatadán róchaithimh ab airde, .i. 35%, i gcomparáid leis an meastachán bunaidh.

**Fíor 5.4 Athraitheas sa ghlanchaiteachas de réir vóta, mar chomhréir leis an mbuiséad bunaidh, 2017**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Meastacháin fhorlíontacha*

**5.16** Sa chás go gceadaíonn an Dáil meastachán vóta, déanann sé é sin ar an leibhéal comhiomlán. Is féidir leis na ranna a mbuiséad a bhainistiú trí leithdháiltí a bhogadh idir cláir agus fo-cheannteidil go pointe áirithe, ach cead a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuige sin. *Virement* a thugtar ar an bpróiseas ath-leithdhála sin.

**5.17** Más rud é gur gá coigeartú mór a dhéanamh ar na buiséid le haghaidh clár nó fo-cheannteideal in imeacht na bliana, ní mór cead oifigiúil a lorg ón Dáil. Is trí phróiseas an mheastacháin fhorlíontaigh a dhéantar é sin. Is féidir an próiseas seo a úsáid freisin, más gá, chun an uasteorainn airgid thirim a mhéadú le haghaidh vóta don bhliain nó chun an leithreasú i gcabhair a bhfuiltear ag súil leis a choigeartú. Déanann coistí ábhartha den Dáil sonraí na meastachán forlíontach arna lorg a phlé (i ráithe dheireanach na bliana de ghnáth) sula n-iarrtar cead ó Dháil Éireann féin.

**5.18** In 2017, bhí gá le meastacháin fhorlíontacha mhóra i gcás 9 vóta chun an méid foriomlán a bhí ar fáil a mhéadú (féach Fíor 5.5). Áirítear ina measc sin trí vóta — Sláinte, an Garda Síochána agus Pinsin Airm — ónar theastaigh meastacháin fhorlíontacha mhóra beagnach gach uile bhliain ó bhí 2012 ann. Theastaigh ó Oideachas agus Scileanna forlíonadh suntasach le ceithre bliana anuas.

## Fáltais bhreise don Státchiste

**5.19** I gcás suimeanna áirithe arna mbailiú ag ranna agus ag oifigí, ordaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go gcuirfear do shochar an Státchiste iad, agus ní chaitear leo mar leithreasaí i gcabhair. Áirítear ina measc fáltais ó fhíneálacha cúirte agus fáltais ó tháillí an Údaráis Clárúcháin Maoine. Is amhlaidh a dhéantar fáltais amhantair a thabhairt chun cuntais de ghnáth, lena n-áirítear fáltais ó dhíolacháin mhóra mhaoine, fáltais de bhun ioncam barrachais nó brabúis comhlachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil, íocaíochtaí cúitimh, agus tuarastail a thugtar suas ar bhonn deonach.

**5.20** Sa chás gur tháinig fáltais bhreise don Státchiste chun cinn in 2017, léirítear na méideanna i nótaí leis na cuntais leithreasa ábhartha. Ba é €170 milliún iomlán na bhfáltas breise don Státchiste a thaifead ranna agus oifigí in 2017 (2016: €133 milliún). Leagtar amach in Iarscríbhinn 5A (Fíor 5A.3) méid comhiomlán na bhfáltas sin a tuairiscíodh i ngach cuntas.

**Fíor 5.5 Vótaí a raibh meastacháin fhorlíontacha ag baint leo, 2012 go 2017[a]**

| Vóta | | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 38 | Sláinte[b] | ● | ● | ● | ● | | ● |
| 37 | Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach | ● | | | ● | ● | ● |
| 35 | Pinsin Airm | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| 34 | Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | ○ | | ● | | | ● |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | | | ● | ● | ● | ● |
| 20 | An Garda Síochána | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | | | ● | ● | | ● |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | ● | | ● | ● | | ● |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | | | | | | ● |
| 32 | Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht | ○ | | ○ | ● | ● | ○ |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | ● | ● | ● | ● | ● | ○ |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Muir | | | ● | ● | ○ | ○ |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | ● | | ○ | | ● | |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | | | | | ○ | |
| 36 | Cosaint | | | ○ | | ○ | |
| 21 | Príosúin | | | ● | ● | | |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | | | | ● | | |
| 40 | Leanaí agus Gnóthaí Óige | | | ○ | ● | | |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | | | | ○ | | |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | | ○ | | ○ | | |
| 29 | Cumarsáid, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaol | | | | ○ | | |
| 2 | Roinn an Taoisigh | | | ● | | | |
| 33 | Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht | | | ○ | | | |
| 24 | Dlí agus Ceart agus Comhionannais | | ○ | | | | |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

● Léirítear leis seo méadú ar an meastachán glanchaiteachais, .i. meastachán forlíontach mór.

○ Léirítear leis seo nach raibh ach méadú comharthach €1,000 i gceist leis an méadú ar an nglanchaiteachas, .i. meastachán forlíontach teicniúil.

a Tá teideal agus uimhreacha na vótaí mar atá leagtha amach sna Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí, 2017. I gcás vótaí áirithe, b'fhéidir go raibh teideal éagsúil i bhfeidhm i mblianta roimhe seo inar ceadaíodh meastachán forlíontach.

b Ó 2012 go 2014, baineann na sonraí leis an vóta do FSS. Ó 2015 ar aghaidh, ní ann do vóta i gcomhair FSS. Cuirtear maoiniú Státchiste ar fáil do FSS trí dheontais ón Vóta sláinte ó shin i leith.

## Cuntas a choimeád ar shócmhainní réadmhaoine

**5.21** Is éard is sócmhainní caipitil ann ná sócmhainní láimhsithe agus doláimhsithe, ar mó a saolré ionchais ná bliain airgeadais amháin, arna bhfáil ag ranna agus oifigí lena n-úsáid ar bhonn leantach. I measc na n-aicmí éagsúla de shócmhainní caipitil móra tá talamh, foirgnimh, trealamh teicneolaíochta faisnéise, bogearraí TFC, trealamh oifige agus troscán. Tá sócmhainní speisialaithe nó sócmhainní oidhreachta ag roinnt ranna mar gheall ar na hoibríochtaí ar leith a ndéanann siad plé leo.

**5.22** Éilítear leis an gcreat tuairiscithe airgeadais a bhfuil glacadh leis le haghaidh cuntais leithreasa go n-ullmhaítear na cuntais ar an mbonn airgid, ach go gcuirtear faisnéis áirithe fabhraithe ar fáil chomh maith.[1,2] Tá i gceist leis an dara ceann acu sin ráiteas ar staid an airgeadais, ina bhféadtar sócmhainní réadmhaoine a aithint.

**5.23** I gcás talún agus foirgneamh, éilítear leis na rialacha cuntasaíochta

- Go n-aithnítear talamh agus foirgnimh sa ráiteas ar staid an airgeadais sa chás gur leis an Stát na sócmhainní sin agus go ndéanann an roinn iad a rialú nó a bhainistiú. Sa chás go ndéanann comhlacht seachtrach an tsócmhainn a rialú nó a bhainistiú, breactar síos nóta faoi úinéireacht na sócmhainne sin i ráiteas na Roinne ar staid an airgeadais.
- Nuair nach féidir le roinn ná oifig luacháil ar an tsócmhainn a chur ar fáil, rud a fhágann nach féidir í a aithint sa ráiteas, go liostaítear an tsócmhainn ag deireadh an chuntais leithreasa.[3]
- Go ndéantar luacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh atá san áireamh sa ráiteas ar a gcostas stairiúil, nó trí thagairt do shamhail athluachála arna cinneadh ag an Oifigeach Cuntasaíochta.
- Nach ndéantar talamh a dhímheas. Déantar foirgnimh a dhímheas de réir an ráta arna chinneadh ag an Oifigeach Cuntasaíochta.

**5.24** I roinnt cuntais leithreasa, cinneann na Ranna na méideanna atá le haithint sa ráiteas trí thagairt dá gcostas, agus déantar luacháil mhargaidh orthu ina dhiaidh sin de réir a chéile nó ar bhonn mírialta. I gcás aicmí áirithe foirgnimh, úsáidtear an costas athsholáthair le luach a chur ar na sócmhainní. Ní thugtar mórán comhairle sa chreat tuairiscithe airgeadais ar cathain is ceart an bonn luachála a athrú ó shamhail chostas-bhunaithe chuig samhail athluachála, ná ar chur chuige caighdeánach le glacadh i leith cé chomh minic is ceart sócmhainní réadmhaoine a athluacháil. Ní luaitear cur chuige i leith lagú sócmhainní a aithint ach an oiread.

**5.25** Ina theannta sin, tá sé tagtha chun solais mar thoradh ar iniúchtaí go bhfuil deacrachtaí leantacha ann leis na cláir sócmhainní seasta arna gcoinneáil ag na ranna agus leis an gcaoi a ndéantar monatóireacht orthu lena chinntiú go mbíonn na sócmhainní a thaifeadtar sa ráiteas cothrom le dáta.

**5.26** Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis teorannacha an chreata reatha tuairiscithe airgeadais a admháil, lena n-áirítear na fadhbanna atá ann ó thaobh cuntas a choinneáil ar na sócmhainní caipitil. I gcomhthéacs na hoibre atá ar bun faoi láthair le samhail chomhroinnte bainistithe airgeadais a fhorbairt, tá curtha in iúl ag an Roinn gur mithid athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar an gceart a bhaineann le ranna agus oifigí. Tá luaite ag an Roinn go bhfuil maoiniú faighte aici faoi Chlár an AE um Thacú le hAthchóiriú Struchtúrach le tabhairt faoin athbhreithniú sin, na ceisteanna a bhaineann le sócmhainní seasta san áireamh, agus í ag féachaint le tuairisciú airgeadais rialtais láir a athchóiriú chun feabhais le go mbeidh sé ag teacht leis an dea-chleachtas reatha agus, nuair is iomchuí, le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta.

1 Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a shocraíonn na rialacha i ndáil le hullmhú na gcuntas bliantúil leithreasa. Tá na rialacha is déanaí leagtha amach i gCiorclán 25/2017: *Riachtanais i gcomhair na gCuntas Leithreasa, 2017.*

2 Is é 'an Bonn Airgid' modh cuntasaíochta ina dtaifeadtar na hidirbhearta cuntasaíochta tráth a bhfaightear an t-airgead nó tráth a ndéantar an íocaíocht.

3 Sócmhainní oidhreachta ar féidir iad a luacháil, áirítear iad sin sa ráiteas ar staid an airgeadais.

## Iarscríbhinn 5A  Toradh airgeadais na vótaí

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh ghnáthshseirbhísí na ranna agus na n-oifigí rialtais trí mheastacháin a cheadú le haghaidh na méideanna atá de dhíth ar na seirbhísí sin i rith gach bliana, agus feidhm reachtúil a thabhairt do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil.  Soláthraítear an caiteachas faoi shraith 'vótaí'.  De réir dlí, is gá cuntas leithreasa a tháirgeadh le haghaidh gach aon vóta.  Ní mór sonraí a thabhairt sa chuntas sin ar an toradh don bhliain i gcoinne an mhéid a sholáthair Dáil Éireann.

I bhFíor 5A.1, tugtar achoimre ar an toradh ar chaiteachas agus ar fháltais le hais na méideanna a leithreasaíodh le haghaidh seirbhísí poiblí in 2017.

I bhFíor 5A.2, léirítear conas mar a caitheadh le leithreasaí barrachais in 2017 — cibé acu tríd an gcaiteachas a iarchur go 2018, nó trína bhforghéilleadh don Státchiste.

Tá míniú anseo thíos ar roinnt de na téarmaí a úsáidtear sna táblaí.

| | |
|---|---|
| **Deontas soláthair** | An t-airgead a dheonaigh (nó a vótáil) Dáil Éireann le haghaidh gach ceann de na seirbhísí poiblí. |
| **Iarchurtha ó 2016** | Méid an chistithe caipitil nár caitheadh in 2016 agus a tugadh anonn lena chaitheamh ar sheirbhísí caipitil in 2017.  Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna sin. |
| **Leithreasaí i gcabhair** | Fáltais roinne ar féidir, le cead ó Dháil Éireann, iad a choinneáil chun costais an vóta lena mbaineann siad a ghlanadh. |
| **Leithreasaí iomlána** | Suim an deontais soláthair, an airgid caipitil iarchurtha ó 2016 (más ann dó) agus leithreasaí i gcabhair. |
| **Barrachas don bhliain** | Barrachas na leithreasaí iomlána a cheadaigh Dáil Éireann anuas ar an nglanchaiteachas mar aon le haon bharrachas ar leithreasaí i gcabhair.  Dlitear an barrachas don bhliain a fhorghéilleadh don Státchiste. |
| **Géilleadh iarchurtha** | Méid an chistithe caipitil nár caitheadh in 2017 agus a tugadh anonn lena chaitheamh in 2018.  Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna sin. |
| **Barrachas le géilleadh** | Méid an airgid a leithreasaíodh in 2017 ach nár caitheadh sa bhliain nó nach bhfuil iarchurtha go 2018, agus ar gá, dá bhrí sin, é a ghéilleadh don Státchiste. |
| **Fáltais bhreise don Státchiste** | Fáltais roinne nach leithreasaí i gcabhair de chuid an vóta iad, ach a n-íoctar díreach leis an Státchiste iad. |

**Fíor 5A.1 Achoimre ar leithreasaí le haghaidh seirbhísí poiblí in 2017, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Méid a leithreasaíodh | | | | Toradh | | | Barrachas/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2016 | Leithreasaí i gcabhair | Iomlán | Ollchaiteachas | Leithreasaí i gcabhair | Glanchaiteachas | Ollbharrachas /(olleasnamh) | Barrachas/ (easnamh) sna fáltais | Glanbharrachas don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 3,903 | — | 95 | 3,998 | 3,692 | 83 | 3,609 | 306 | (12) | 294 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 36,747 | — | 833 | 37,580 | 28,345 | 757 | 27,588 | 9,235 | (76) | 9,159 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 14,900 | — | 766 | 15,666 | 14,540 | 668 | 13,872 | 1,126 | (98) | 1,028 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 48,584 | — | 1,388 | 49,972 | 46,269 | 1,542 | 44,727 | 3,703 | 154 | 3,856 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 41,094 | — | 754 | 41,848 | 41,682 | 778 | 40,904 | 166 | 24 | 190 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 32,340 | — | 1,328 | 33,668 | 33,132 | 1,141 | 31,991 | 536 | (187) | 349 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 39,470 | 227 | 1,335 | 41,032 | 33,974 | 1,440 | 32,534 | 7,058 | 105 | 7,163 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 6,915 | — | 5,727 | 12,642 | 11,923 | 5,986 | 5,937 | 719 | 259 | 978 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 341,141 | 2,000 | 68,239 | 411,380 | 410,874 | 71,153 | 339,721 | 506 | 2,914 | 3,420 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 1,605 | — | 79 | 1,684 | 1,122 | 45 | 1,077 | 562 | (34) | 528 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 53,105 | — | 2,946 | 56,051 | 52,991 | 1,897 | 51,094 | 3,060 | (1,049) | 2,011 |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 366,400 | — | 184,000 | 550,400 | 535,478 | 202,555 | 332,923 | 14,922 | 18,555 | 33,477 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 365,067 | — | 29,264 | 394,331 | 394,279 | 33,847 | 360,432 | 52 | 4,583 | 4,635 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 8,749 | — | 922 | 9,671 | 9,318 | 1,023 | 8,295 | 353 | 101 | 454 |
| 15 | An Rúnseirbhís | 1,000 | — | — | 1,000 | 741 | — | 741 | 259 | — | 259 |
| 16 | An Oifig Luachála | 10,239 | — | 1,129 | 11,368 | 9,688 | 1,307 | 8,381 | 1,680 | 178 | 1,858 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 11,820 | — | 224 | 12,044 | 11,757 | 303 | 11,454 | 287 | 79 | 366 |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 45,173 | — | 5,450 | 50,623 | 40,081 | 5,463 | 34,618 | 10,542 | 13 | 10,556 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 10,535 | — | 325 | 10,860 | 8,920 | 414 | 8,506 | 1,940 | 89 | 2,029 |
| 20 | An Garda Síochána | 1,550,146 | 9,344 | 119,902 | 1,679,392 | 1,668,540 | 123,251 | 1,545,289 | 10,852 | 3,349 | 14,201 |

| Vóta | Seirbhís | Méid a leithreasaíodh | | | | Toradh | | | Barrachas/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2016 | Leithreasaí i gcabhair | Iomlán | Ollchaiteachas | Leithreasaí i gcabhair | Glanchaiteachas | Ollbharrachas /(olleasnamh) | Barrachas/ (easnamh) sna fáltais | Glanbharrachas don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 21 | Príosúin | 314,790 | 2,833 | 12,584 | 330,207 | 326,892 | 13,056 | 313,836 | 3,315 | 472 | 3,787 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 92,252 | — | 47,828 | 140,080 | 133,115 | 49,093 | 84,022 | 6,965 | 1,265 | 8,231 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 27,785 | — | 506 | 28,291 | 27,112 | 688 | 26,424 | 1,179 | 182 | 1,361 |
| 24 | Dlí agus Ceart agus Comhionannais | 378,964 | — | 60,598 | 439,562 | 422,788 | 66,118 | 356,670 | 16,774 | 5,520 | 22,294 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 6,522 | — | 109 | 6,631 | 5,319 | 83 | 5,236 | 1,312 | (26) | 1,286 |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | 8,799,299 | — | 458,796 | 9,258,095 | 9,241,347 | 466,588 | 8,774,759 | 16,748 | 7,792 | 24,540 |
| 27 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | 485,494 | — | 1,120 | 486,614 | 484,280 | 1,340 | 482,940 | 2,334 | 220 | 2,554 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 183,527 | — | 45,046 | 228,573 | 222,258 | 63,222 | 159,036 | 6,315 | 18,176 | 24,490 |
| 29 | Cumarsáid, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaol | 290,636 | 12,128 | 237,599 | 540,363 | 502,916 | 232,412 | 270,504 | 37,447 | (5,187) | 32,260 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Muir | 1,131,158 | 21,700 | 337,088 | 1,489,946 | 1,387,756 | 258,905 | 1,128,851 | 102,190 | (78,183) | 24,007 |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 1,442,108 | 10,969 | 380,446 | 1,833,523 | 1,819,108 | 379,243 | 1,439,865 | 14,415 | (1,203) | 13,212 |
| 32 | Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht | 806,542 | — | 50,333 | 856,875 | 850,832 | 52,542 | 798,290 | 6,043 | 2,209 | 8,252 |
| 33 | Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht | 284,435 | 13,548 | 3,973 | 301,956 | 299,606 | 5,468 | 294,138 | 2,350 | 1,495 | 3,845 |
| 34 | Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 2,027,355 | — | 67,489 | 2,094,844 | 2,087,158 | 64,129 | 2,023,029 | 7,686 | (3,360) | 4,326 |
| 35 | Pinsin Airm | 235,332 | — | 5,300 | 240,632 | 240,022 | 5,265 | 234,757 | 610 | (35) | 575 |
| 36 | Cosaint | 671,093 | — | 20,704 | 691,797 | 680,549 | 30,824 | 649,725 | 11,248 | 10,120 | 21,368 |
| 37 | Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach | 10,790,739 | — | 264,064 | 11,054,803 | 11,034,507 | 264,787 | 10,769,720 | 20,296 | 723 | 21,019 |
| 38 | Sláinte | 14,341,309 | — | 460,221 | 14,801,530 | 14,798,316 | 459,376 | 14,338,940 | 3,214 | (845) | 2,369 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 19,960 | 110 | 475 | 20,545 | 13,586 | 448 | 13,138 | 6,959 | (27) | 6,932 |
| 40 | Leanaí agus Gnóthaí Óige | 1,286,024 | 1,640 | 25,012 | 1,312,676 | 1,249,984 | 21,024 | 1,228,960 | 62,692 | (3,988) | 58,704 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | 2,654 | — | 58 | 2,712 | 2,007 | 51 | 1,956 | 705 | (7) | 698 |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 146,742 | — | 15,886 | 162,628 | 136,004 | 21,662 | 114,342 | 26,624 | 5,776 | 32,400 |
| | **Iomlán** | **46,753,653** | **74,499** | **2,919,941** | **49,748,093** | **49,322,808** | **2,909,977** | **46,412,831** | **425,285** | **(9,964)** | **415,321** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2017. Is de bharr slánú aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomláin.

Nóta: a Cuimsítear leis an nglanbharrachas barrachas na leithreasaí iomlána a cheadaigh Dáil Éireann anuas ar an nglanchaiteachas mar aon leis an mbarrachas/easnamh ar leithreasaí i gcabhair.

**Fíor 5A.2 Feidhmiú leithreasaí barrachais, 2017, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Barrachas don bhliain | Géilleadh iarchurtha (go dtí 2018) | Barrachas le géilleadh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 294 | — | 294 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 9,159 | — | 9,159 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 1,028 | — | 1,028 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 3,856 | — | 3,856 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 190 | — | 190 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 349 | — | 349 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 7,163 | — | 7,163 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 978 | — | 978 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 3,420 | — | 3,420 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 528 | — | 528 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 2,011 | 685 | 1,326 |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 33,477 | — | 33,477 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,635 | — | 4,635 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 454 | — | 454 |
| 15 | An Rúnseirbhís | 259 | — | 259 |
| 16 | An Oifig Luachála | 1,858 | — | 1,858 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 366 | 60 | 306 |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 10,556 | 1,429 | 9,127 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 2,029 | — | 2,029 |
| 20 | An Garda Síochána | 14,201 | 8,907 | 5,294 |

**Fíor 5A.3 Fáltais bhreise don Státchiste, 2017, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Fáltais bhreise réadaithe |
|---|---|---|
| | | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | — |
| 2 | Roinn an Taoisigh | — |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | — |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | — |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 4 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 19 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 1 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | — |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,612 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | — |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 8 |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | — |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | — |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | — |
| 15 | An Rúnseirbhís | — |
| 16 | An Oifig Luachála | — |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | — |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | — |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 40 |
| 20 | An Garda Síochána | 3,073 |

| Vóta | Seirbhís | Barrachas don bhliain | Géilleadh iarchurtha (go dtí 2018) | Barrachas le géilleadh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| 21 | Príosúin | 3,787 | 2,233 | 1,554 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 8,231 | 6,000 | 2,231 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 1,361 | — | 1,361 |
| 24 | Dlí agus Ceart agus Comhionannais | 22,294 | 741 | 21,553 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 1,286 | — | 1,286 |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | 24,540 | — | 24,540 |
| 27 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | 2,554 | — | 2,554 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 24,490 | — | 24,490 |
| 29 | Cumarsáid, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaol | 32,260 | 6,000 | 26,260 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Muir | 24,007 | 23,800 | 207 |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 13,212 | 10,950 | 2,262 |
| 32 | Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht | 8,252 | — | 8,252 |
| 33 | Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht | 3,845 | 700 | 3,145 |
| 34 | Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 4,326 | — | 4,326 |
| 35 | Pinsin Airm | 575 | — | 575 |
| 36 | Cosaint | 21,368 | — | 21,368 |
| 37 | Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach | 21,019 | 1,000 | 20,019 |
| 38 | Sláinte | 2,369 | — | 2,369 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 6,932 | 100 | 6,832 |
| 40 | Leanaí agus Gnóthaí Óige | 58,704 | — | 58,704 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | 698 | — | 698 |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 32,400 | 7,700 | 24,700 |
| | **Iomlán** | **415,321** | **70,305** | **345,016** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2017

| Vóta | Seirbhís | Fáltais bhreise réadaithe |
|---|---|---|
| | | €000 |
| 21 | Príosúin | — |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 9,472 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 62,270 |
| 24 | Dlí agus Ceart agus Comhionannais | 7 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | — |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | 2,591 |
| 27 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | — |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | — |
| 29 | Cumarsáid, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaol | 52,412 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Muir | 747 |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 32,340 |
| 32 | Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht | 743 |
| 33 | Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht | 2 |
| 34 | Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 2,275 |
| 35 | Pinsin Airm | — |
| 36 | Cosaint | 3 |
| 37 | Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach | 13 |
| 38 | Sláinte | 16 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 72 |
| 40 | Leanaí agus Gnóthaí Óige | 2,625 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | — |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | — |
| | **Iomlán** | **170,345** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2017